Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13016/25**

| | |
|---|---|
| **ASIE 34** | **RECH 401** |
| **COASI 105** | **FIN 1083** |
| **CFSP/PESC 1355** | **AG 138** |
| **RELEX 1194** | **POLMIL 269** |
| **ENER 449** | **POLCOM 249** |
| **ENV 860** | **DIGIT 178** |
| **CLIMA 349** | **AGRI 435** |
| **DEVGEN 153** | **TRANS 393** |
| **ECOFIN 1211** | **EDUC 359** |
| **COMPET 895** | **MIGR 298** |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2025) 50 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le Clár Oibre Straitéiseach Nua idir an tAontas Eorpach agus an India |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2025) 50 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2025) 50 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 17.9.2025
JOIN(2025) 50 final

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le Clár Oibre Straitéiseach Nua idir an tAontas Eorpach agus an India**

GA GA

## TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE CLÁR OIBRE STRAITÉISEACH NUA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN INDIA

Le cuairt Choláiste na gCoimisinéirí ar an India i mí Feabhra 2025, leagadh síos an bunús do chaibidil nua sa chaidreamh idir an tAontas agus an India. Le linn na cuairte cinniúnaí seo – an chéad cheann dá cineál chuig an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach – gheall an dá thaobh **an Chomhpháirtíocht Straitéiseach a ardú go leibhéal níos airde** chun borradh a chur faoin rathúnas comhroinnte, chun an tslándáil a neartú, agus chun dul i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda le chéile.

Leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach seo clár oibre straitéiseach cuimsitheach lena ndéantar an comhar idir an tAontas agus an India a dhoimhniú, a leathnú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr – lena dtugtar **torthaí comhthairbheacha agus bunathraitheacha** don dá chomhpháirtí agus don domhan mór araon.

### A THÁBHACHTAÍ ATÁ AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT STRAITÉISEACH IDIR AN tAONTAS AGUS AN INDIA

Is **comhpháirtí ríthábhachtach de chuid an Aontais** í an India, an daonlathas is mó ar domhan agus an geilleagar mór is mó fás. Is díol sásaimh don Aontas an méadú atá tagtha ar an India mar chumhacht dhomhanda, rud a chruthaíonn deiseanna nua don chomhar straitéiseach. Tairbhíonn an tAontas de rath na hIndia, díreach mar a thairbhíonn an India de rath an Aontais.

Le breis agus billiún duine in aois oibre agus aois airmheánach 31 bliain d’aois, tá an India le bheith ar **an tríú geilleagar is mó ar domhan faoi 2030**. Mol monaraíochta agus teicneolaíochta atá ag dul i méid go tapa, óstálann sí 45 % de lárionaid chumais dhomhanda agus déanann sí infheistíocht mhór i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha. Is **príomhpháirtí leasmhar í an India san iltaobhachas agus sa rialachas domhanda**. Is príomh-rannchuiditheoir síochánaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe (NA) í agus is í an táirgeoir vacsaíní is mó ar domhan í. An tríú hastaíre gás ceaptha teasa is mó, tá 50 % den acmhainneacht leictreachais suiteáilte ó fhoinsí neamh-iontaise bainte amach aici cheana féin. Tá ról slándála méadaitheach á ghlacadh ag an India freisin san Aigéan Indiach agus sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach i gcoitinne.

I dtimpeallacht gheopholaitiúil agus gheo-eacnamaíoch atá ag éirí níos casta, **tá comhar níos dlúithe idir an tAontas agus an India níos tábhachtaí ná riamh**. Is bagairt eiseach ar shlándáil na hEorpa é cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, mar aon le sáruithe a rinneadh le déanaí ar aerspás an Aontais. Tá sé ríthábhachtach don Aontas go ndéanfaí aon chumasúchán ar an gcogadh a chiorrú.

**Tá an Eoraip agus an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach idirnasctha go mór**, agus aghaidh á tabhairt acu ar uaillmhianta impiriúla agus ar theannas réigiúnach – lena n-áirítear i gCaolas na Téaváine, i Muir na Síne Theas agus sa Mhuir Rua – a chuireann an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe i mbaol, chomh maith le slándáil agus rathúnas an dá réigiún. Tá sé sin ábhartha go háirithe ós rud é **go bhfuil láithreacht gheografach ag an Aontas sa réigiún Ind-Chiúin-**

**Aigéanach** trína réigiúin is forimeallaí[1]. Baineann úsáid spleáchas, cleachtais trádála aontaobhacha, agus neamhshiméadrachtaí eacnamaíocha a leathnú mar uirlis troda an bonn a thuilleadh den chobhsaíocht dhomhanda.

Sa tírdhreach domhanda ilroinnte sin, is **comhpháirtithe straitéiseacha nádúrtha** iad an tAontas agus an India atá tiomanta don chomhar a neartú ar fud speictream leathan. I dteannta a chéile, tá beagnach an ceathrú cuid den olltáirgeacht intíre agus den daonra domhanda ag an dá cheann acu agus tá sé d'**acmhainn acu agus de fhreagracht orthu torthaí domhanda a mhúnlú:** luachanna daonlathacha agus cearta an duine a chosaint, leathnú críochach neamhdhleathach agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, fás cuimsitheach a chur chun cinn, gníomhaíocht aeráide agus bithéagsúlachta, slándáil dhomhanda bia agus sláinte a chur chun cinn, agus dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe.

**Is tosaíocht straitéiseach é an Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an India a ardú go leibhéal níos airde.** Tá sé de chumas agus de dhiongbháilteacht ag an Aontas agus ag an India ceann de chomhpháirtíochtaí cinniúnacha an 21ú céad a mhúnlú. Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh an tAontas agus an India ag teacht le chéile maidir le gach saincheist, tá **leasanna cóineasaithe, láidreachtaí comhlántacha agus toil pholaitiúil chomhroinnte** mar bhonn taca leis an gcomhpháirtíocht sin, agus is féidir léi fíorthionchar a imirt ar dhaoine sa dá réigiún agus níos faide i gcéin.

Is daonlathais iolraíocha iad an tAontas agus an India atá tiomanta don uathriail straitéiseach, don athléimneacht eacnamaíoch agus don chobhsaíocht idirnáisiúnta. Comhpháirtithe iontaofa atá ar aon intinn lena chéile, **tacaíonn siad araon le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe** atá fréamhaithe san urraim don cheannasacht, don iltaobhachas éifeachtach, agus don chomhar oscailte intuartha. Mar phríomh-chomhpháirtithe trádála, tá leas ag an dá pháirtí oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh trádála domhanda, chun róspleáchas ar aon chomhpháirtí aonair a laghdú, agus chun éagsúlú trádála a chur chun cinn.

Is **comhpháirtithe a chumasaíonn a chéile** iad an tAontas agus an India. Cuireann láidreachtaí na hEorpa sa trádáil, sa chaipiteal agus sa nuálaíocht le buntáiste déimeagrafach, dinimiceas an mhargaidh agus cumais theicneolaíocha na hIndia. I dteannta a chéile, soláthraíonn *Compás Iomaíochais* an Aontais agus tionscnamh *Atmanirbhar Bharat* na hIndia bunús láidir le haghaidh comhar níos doimhne maidir le trádáil, slándáil eacnamaíoch, agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Trí shaineolas rialála, rochtain ar an margadh aonair, agus nuálaíocht chomhpháirteach, tacaíonn an tAontas le fás cuimsitheach inbhuanaithe na hIndia – ag teacht le fís na hIndia a bheith ina tír fhorbartha faoi 2047. Is féidir le Global Gateway an Aontais agus ról méadaitheach na hIndia mar chomhpháirtí forbartha tionchar na n-infheistíochtaí i dtríú tíortha a mhéadú.

Seasca bliain tar éis naisc taidhleoireachta a bhunú – agus ag tógáil ar níos mó ná 30 bliain den chomhar idir an tAontas agus an India agus ar 20 bliain de Chomhpháirtíocht Straitéiseach – tá

---

[1] Na réigiúin La Réunion agus Mayotte is forimeallaí , agus tíortha agus críocha thar lear (TCTLanna) Chríocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince, an Nua-Chaladóin, Wallis agus Futuna, agus Polainéis na Fraince.

an dá thaobh fós tiomanta don chomhpháirtíocht a ardú. Is **tosaíocht shoiléir beartais eachtraigh í an India don Aontas agus dá Bhallstáit.** Chuir garspriocanna a bhí ann le déanaí, lena n-áirítear cuairt Choláiste na gCoimisinéirí, i dtábhacht uaillmhian an Aontais oibriú ar bhealach níos dlúithe agus níos éifeachtaí leis an India mar phríomh-chomhpháirtí sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach. Thug an chuairt comhaontuithe coincréiteacha freisin mar a léirítear i Ráiteas na gCeannairí Comhpháirteacha[2].

Dírítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ar **chomhar a dhoimhniú** i réimsí seanbhunaithe, ar **rannpháirtíocht a leathnú** ar fud earnálacha nua ar an leibhéal déthaobhach agus iltaobhach araon, agus ar **fheabhas a chur ar chomhordú** chun treoir níos láidre, cur chun feidhme éifeachtach agus comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú.

Molann an Coimisiún agus an tArdionadaí an clár oibre straitéiseach nua idir an tAontas agus an India a struchtúrú timpeall ar na cúig cholún thíos.

1. **RATHÚNAS AGUS INBHUANAITHEACHT:** borradh a chur faoin trádáil agus faoin infheistíocht; slabhraí soláthair agus slándáil eacnamaíoch a neartú; agus an t-aistriú glan agus an athléimneacht a chur chun cinn.
2. **AN TEICNEOLAÍOCHT AGUS AN NUÁLAÍOCHT:** tacú le teicneolaíochtaí criticiúla atá ag teacht chun cinn; timpeallacht dhigiteach fhabhrach a chur chun cinn; agus comhar taighde a chur chun cinn.
3. **AN tSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT:** rannpháirtíocht maidir leis an tslándáil réigiúnach a dhoimhniú; bagairtí traidisiúnta agus hibrideacha a chomhrac; agus borradh a chur faoin gcomhar tionsclaíoch i réimse na cosanta.
4. **NASCACHT AGUS SAINCHEISTEANNA DOMHANDA:** nascacht réigiúnach a neartú; comhar a chur chun cinn i dtríú tíortha; agus rialachas domhanda éifeachtach a mhúnlú.
5. **CUMASÓIRÍ THAR CHOLÚIN:** soghluaisteacht scileanna a leathnú; comhthuiscint a chur chun cinn; páirt a thabhairt do phobail ghnó; agus an t-ollstruchtúr institiúideach a threisiú.

## 1. RATHÚNAS AGUS INBHUANAITHEACHT

I bhfianaise na héiginnteachta eacnamaíche domhanda, leochaileachtaí sa slabhra soláthair, agus brú ar an gcóras trádála riailbhunaithe, tá comhar níos dlúithe idir an tAontas agus an India ríthábhachtach. I dteannta a chéile, is féidir leis an dá chomhpháirtí fás, cruthú post, forbairt thionsclaíoch agus slándáil eacnamaíoch a spreagadh agus, an tráth céanna, dícharbónú, ciorclaíocht agus aistriú cothrom glan a chur chun cinn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, chun slándáil fuinnimh agus bia a mhéadú, chun truailliú a laghdú, agus chun an bhithéagsúlacht a chosaint. Is féidir leis an India borradh a chur faoi iomaíochas agus athléimneacht an Aontais, agus is féidir leis an Aontas tacú le huaillmhianta monaraíochta agus forbartha réigiúnaí na hIndia, rud a áiritheoidh go mbeidh an rathúnas agus an inbhuanaitheacht fite fuaite ina chéile.

[2] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/mt/statement_25_647

a) **Borradh a chur faoin trádáil agus faoin infheistíocht**

Is é an tAontas **an comhpháirtí trádála is mó atá ag an India**, agus is í an India **an comhpháirtí trádála is mó atá ag an Aontas sa Domhan Theas.** In 2024, shroich trádáil dhéthaobhach in earraí EUR 120 billiún – méadú beagnach 90 % le deich mbliana anuas. EUR 60 billiún breise is ea an trádáil i seirbhísí. Oibríonn **thart ar 6 000 cuideachta Eorpach** san India, fostaíonn siad 3 mhilliún duine go díreach agus tacaíonn siad go hindíreach leis na milliúin post eile, rud a fhágann go bhfuil an tAontas ar cheann de na hinfheisteoirí is mó san India. Shroich infheistíocht dhíreach choigríche an Aontais san India EUR 140 billiún in 2023 – beagnach dúbailte le 5 bliana anuas – agus tá cuideachtaí Indiacha ag cur lena láithreacht san Aontas, lena n-áirítear trí infheistíochtaí i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).

D'ainneoin an dul chun cinn sin, tá **acmhainneacht mhór neamhshaothraithe** fós ann. Déantar níos lú ná 2,5 % de thrádáil earraí agus seirbhísí an Aontais san India, agus níl ach EUR 10 mbilliún d'infheistíocht na hIndia san Aontas. I measc na bpríomhbhacainní san India tá taraifí arda, agus bearta inmheánacha lena gcuirtear srian ar iomaíocht allmhairiúcháin, lena gcuirtear teorainn le hinfheistíocht dhíreach choigríche, agus lena gcuirtear srian ar dheiseanna gnó ar an dá thaobh. Chuideodh cóineasú agus trédhearcacht rialála neartaithe, deimhneacht dhlíthiúil, cleachtais chóirthrádála, sábháilteacht táirgí, agus inbhuanaitheacht chorparáideach le timpeallacht ghnó níos fabhraí a chruthú. Príomhthosaíocht is ea deiseanna fostaíochta cuibhiúla a chruthú, go háirithe do mhná.

Le **Comhaontú Saorthrádála (CST)** idir an tAontas agus an India lena laghdófaí go substaintiúil bacainní taraife agus neamhtharaife, bhainfí leas as sreafaí móra trádála agus infheistíochta, a rangófaí mar cheann de na comhaontuithe is mó dá leithéid ar fud an domhain. D'áiritheofaí leis gur féidir le gnólachtaí na hIndia agus na hEorpa tairbhe a bhaint as malartuithe cobhsaí riailbhunaithe, slabhraí soláthair níos comhtháite agus asraonta onnmhairiúcháin nua, rud a thacódh le héagsúlú trádála. Leis an CST, ba cheart rochtain fheabhsaithe ar an margadh a chomhcheangal le rialacha soiléire, simplí, intuartha agus infhorfheidhmithe, chomh maith le forálacha láidre maidir le forbairt inbhuanaithe. Tá sé d'aidhm ag an dá thaobh an **chaibidlíocht a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2025.**

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas agus ag an India **Comhaontú Déthaobhach Cosanta Infheistíochta (CDCI)** a thabhairt i gcrích go pras lena soláthrófar ardchaighdeáin chosanta d'infheisteoirí ar an dá thaobh. An tráth céanna, rachaidh an tAontas i dteagmháil leis an India chun **margaí airgeadais** idirnáisiúnta atá cobhsaí, athléimneach agus comhtháite go maith a chur chun cinn. Áirítear leis sin comhar neartaithe maidir le maoirseacht airgeadais – i gcás ina mbeadh **Meabhrán Tuisceana** idir na húdaráis neamhspleácha faoi seach maidir le **himréiteach** ina uirlis thábhachtach chun cobhsaíocht airgeadais a choinneáil ar bun – chomh maith le caighdeáin frithsciúrtha airgid arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a chur chun cinn. I dteannta a chéile, chuideodh na tionscnaimh sin le timpeallacht fhabhrach infheistíochta, sreafaí infheistíochta trasteorann agus slógadh airgeadais inbhuanaithe agus dhigitigh a chur chun cinn.

Tá sé beartaithe ag an Aontas freisin an **tIdirphlé Maicreacnamaíoch** déthaobhach a uasghrádú.

Dá dtabharfaí **Comhaontú maidir le Tásca Geografacha** i gcrích, chuirfí feabhas ar dheiseanna trádála agus chuirfí borradh faoin bhforbairt eacnamaíoch trí chosaint éifeachtach ainmneacha táirgí íocónacha i margaí an dá pháirtí a áirithiú.

Ós rud é gurb í an India an tír is mó fás i measc na margaí eitlíochta sibhialta is mó ar domhan, thiocfadh tairbhí eacnamaíocha agus tomhaltóirí as **Comhaontú Cuimsitheach Aeriompair**. D'áireofaí leis sin eitiltí níos dírí, táillí eitilte níos ísle, turasóireacht agus naisc trádála níos láidre, cothrom iomaíochta níos fearr, agus comhar níos dlúithe maidir le hinbhuanaitheacht agus eitlíocht ghlas. Ba cheart **Idirphlé maidir le hEitlíocht** a chur ar bun chun féachaint ar bhealaí chun comhar margaidh a dhoimhniú.

Tá an tAontas tiomanta d'infheistíochtaí san India a mhéadú trí **Global Gateway**, trí dhí-rioscú a dhéanamh ar infheistíocht ón earnáil phríobháideach le ráthaíochtaí agus le maoiniú measctha. Tá punann infheistíochta Global Gateway Fhoireann na hEorpa san India os cionn EUR 15 bhilliún cheana féin lena gcuimsítear earnálacha amhail fuinneamh in-athnuaite, uisce, iompar uirbeach agus bonneagar digiteach. D'fhéadfadh tionscadail amach anseo leathnú chuig earnálacha straitéiseacha eile chun tacú le nuachóiriú na hIndia, le haistrithe glasa agus digiteacha na hIndia, agus le slabhraí luacha straitéiseacha, chomh maith le nascacht a chur chun cinn sa réigiún. Leanfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) de bheith ina phríomhghníomhaí maidir leis an gclár oibre sin a chur chun cinn.

**b) Slabhraí soláthair agus slándáil eacnamaíoch a neartú**

Tá caidreamh trádála níos dlúithe fíor-riachtanach chun slabhraí luacha a dhaingniú agus a éagsúlú. De réir mar a théann an tslándáil eacnamaíoch chun cinn, tá an tAontas agus an India ina gcomhpháirtithe fíor-riachtanacha maidir le **hiarrachtaí a dhí-rioscú** agus maidir le **slabhraí soláthair athléimneacha iontaofa** a thógáil. Tá ardchumais thionsclaíocha an Aontais agus bonn monaraíochta méadaitheach na hIndia comhlántach, agus is féidir le comhordú níos dlúithe seasamh an dá chomhpháirtí i slabhraí luacha domhanda a neartú.

Tríd an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta (CTT), neartóidh an tAontas agus an India an comhar i bpríomhearnálacha chun slabhraí soláthair a áirithiú a bheidh in ann suaitheadh domhanda a sheasamh. Áirítear ar na tosaíochtaí cur chun feidhme iomlán an **Chomhaontaithe maidir le Leathsheoltóirí idir an tAontas agus an India** (Samhain 2023), comhar maidir le **teicneolaíochtaí glasa** amhail **grianfhuinneamh** chun róspleáchas ar sholáthróirí fóirdheonaithe tríú tír a laghdú, córais luathrabhaidh le haghaidh **comhábhair ghníomhacha chógaisíochta**, agus pleanáil theagmhasach i slabhraí an tsoláthair bia. Ag féachaint chun cinn, d'fhéadfadh an comhar leathnú chuig ardmhonaraíocht agus ard-bhith-theicneolaíocht.

Ba cheart don Aontas agus don India **measúnú comhpháirteach a dhéanamh freisin ar leochaileachtaí seachtracha** agus ar dheiseanna trádála straitéiseacha chun earnálacha tosaíochta eile a shainaithint. Ag tógáil air sin, d'fhéadfadh comhar spriocdhírithe i slabhraí luacha straitéiseacha – lena gcumhdaítear caighdeáin theicniúla agus inbhuanaitheachta, feabhsuithe rialála, nuálaíocht, forbairt scileanna, agus éascú infheistíochta le rannpháirtíocht ghníomhach na hearnála príobháidí – torthaí inláimhsithe a bhaint amach. Chun é sin a oibríochtú, molann an tAontas **Blue Valleys [Gleannta Gorma] a chruthú** mar ardáin thiomnaithe do shlabhraí luacha roghnaithe, atá ceaptha chun **dlús a chur le rannpháirtíocht**

**na hearnála príobháidí** trí infheistíocht a éascú, trí ailíniú caighdeán, agus trí chomhar struchtúrtha gnó.

Tá soláthar slán amhábhar criticiúil fós ina thosaíocht straitéiseach le haghaidh éiceachórais thionsclaíocha inbhuanaithe agus athléimneacha. Le formhuiniú na hIndia ar Phlean Gníomhaíochta G7 maidir le Mianraí Criticiúla, léirítear ailíniú ar phríomhphrionsabail, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, éagsúlú agus trédhearcacht an mhargaidh, agus soláthraítear leis bonn le haghaidh comhar praiticiúil.

Tá an tAontas réidh freisin chun dul i dteagmháil leis an India in **Idirphlé maidir le hÉagsúlú Allmhairiúcháin Fuinnimh** agus é an sprioc a bheidh aige foinsí iontaofa inacmhainne a áirithiú.

Ar deireadh, ba cheart an plé maidir leis an tslándáil eacnamaíoch a leathnú laistigh de CTT chuig saincheisteanna eile amhail **infheistíocht dhíreach choigríche** a scagadh, **slándáil taighde** a neartú, agus **sceitheadh teicneolaíochta** a chosc.

### c) An t-aistriú glan agus an athléimneacht a chur chun cinn

Ag tógáil ar ghealltanais chomhroinnte – amhail gealltanais ghlan-nialasacha 2050 an Aontais agus 2070 na hIndia – agus ar chumais theicneolaíocha an dá thaobh, is féidir leis an Aontas agus leis an India dlús a chur lena n-aistriú glan, an dícharbónú a chur chun cinn, agus an cheannaireacht dhomhanda a neartú. Is féidir leo rannchuidiú go substaintiúil le cur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú Pháras. Tacóidh comhar leanúnach maidir le fuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, eangacha cliste, éifeachtúlacht fuinnimh agus breoslaí in-athnuaite le ról na hIndia mar sholáthróir fuinnimh ghlain agus teicneolaíochta. Tá sé fíor-riachtanach athléimneacht a áirithiú freisin, lena n-áirítear trí chiorclaíocht fheabhsaithe, bithéagsúlacht faoi chosaint, agus slándáil bia agus sláinte neartaithe.

Tá an Chomhpháirtíocht um Fhuinneamh Glan agus Aeráid ina príomhardán anois agus d'fhéadfaí í a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear chun cur in úsáid agus glacadh **teicneolaíochtaí fuinnimh ghlais agus ghlain** sa mhargadh a chur chun cinn. Cuirfidh an tAontas malartuithe gnó teicneolaíochta glaine idir an tAontas agus an India chun cinn agus neartóidh sé an comhar i bpríomhearnálacha.

Maidir le **gaoth amach ón gcósta**, cuirfidh an tAontas agus an India an comhar chun cinn trí Chruinnithe Mullaigh Gnó Gaoithe Amach ón gCósta idir an tAontas agus an India chun dea-chleachtais a mhalartú agus rannpháirtíocht gnólacht le gnólacht a éascú, agus trí mhalartuithe saineolais leathnaithe maidir le haistriú teicneolaíochta, fios gnó agus dearadh ceantanna. Díreofar iarrachtaí comhpháirteacha freisin ar thaighde agus nuálaíocht maidir le teicneolaíochtaí atá oiriúnach do dhálaí áitiúla, agus fiosróidh an dá thaobh tacaíocht leanúnach do shaoráidí tástála agus taispeána, agus é d'aidhm acu borradh a chur faoin iomaíocht agus costais a laghdú.

Thairis sin, trí Thascfhórsa um Hidrigin Ghlas idir an tAontas agus an India a chruthú, soláthraítear spreagadh chun an comhar a dhoimhniú agus a leathnú. Tacóidh sé le hiarrachtaí chun earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo a dhícharbónú, agus an caidreamh trádála agus eacnamaíoch á neartú an tráth céanna. Tabharfaidh an Tascfhórsa gnólachtaí, lucht tionscail, lucht acadúil agus meithleacha machnaimh le chéile chun nuálaíocht, comhroinnt

eolais agus comhar teicneolaíoch a chothú maidir le **táirgeadh, stóráil agus dáileadh hidrigine glaise**, chomh maith le dea-chleachtais agus cás-staidéir rathúla. Tá BEI, mar chomhalta de Chomhghuaillíocht Hidrigine na hIndia (IH2A), réidh chun tacú le maoiniú agus naisc trádála.

An tráth céanna, is féidir le comhar maidir le **margaí cumhachta** a neartú – trí ionstraimí amhail conarthaí difríochta, anailísíocht méadair chliste, agus comhaontuithe ceannaithe táirgí – cinnteacht infheistíochta a mhéadú, praghsanna fuinnimh a laghdú, agus dlús a chur le cur in úsáid mórscála. Le hiarrachtaí comhpháirteacha chun comhaontuithe ceannaithe táirgí a éascú agus comhar teicneolaíochta a chur chun cinn i réimsí amhail leictrealóirí, cealla breosla agus teicneolaíochtaí stórála, le tacaíocht ó mhalartú fios gnó agus dea-chleachtas, neartófar iomaíochas agus barainneachtaí scála ar fud shlabhra luacha an fhuinnimh ghlain a thuilleadh.

Ag tógáil ar fhorbairt na gcumas táirgthe hidrigine glaise, d'fhéadfadh an tAontas agus an India dul i gcomhar le chéile chun dlús a chur le **dícharbónú na dtionscal trom**, go háirithe trí **chruach agus stroighin ísealcharbóin** a fhorbairt san India. Is féidir le hobair an Aontais maidir le bearta ar thaobh an éilimh agus lipéadú táirgí cuidiú leis an margadh nuaghinte seo a uas-scálú, agus cothrom iomaíochta á áirithiú agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar ró-acmhainn dhomhanda.

D'fhéadfaí an comhar maidir leis an **tsoghluaisteacht inbhuanaithe** a dhoimhniú freisin. Mar gheall ar mhargadh láidir eitlíochta na hIndia, fás fuinnimh in-athnuaite, agus acmhainneacht dramhaíola bithghineacha, tá sí ina príomh-chomhpháirtí le haghaidh **breoslaí eitlíochta inbhuanaithe**. Trí chomhar a chur chun cinn – lena n-áirítear tríd an tionscadal um Chúnamh, Fothú Acmhainneachta agus Oiliúint le haghaidh Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe , ar tionscadal é arna chistiú ag an Aontas – is féidir borradh a chur faoi tháirgeadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus an dá chomhpháirtí a shuíomh mar bhunaitheoirí caighdeán domhanda. D'fhéadfaí tuilleadh comhair a shaothrú freisin maidir le modheolaíochtaí deimhniúcháin fuinnimh feithiclí agus maidir le leictrea-shoghluaisteacht, lena n-áirítear malartú eolais agus comhchuibhiú caighdeán luchtaithe feithiclí leictreacha.

D'fhéadfadh an tAontas agus an India an comhar maidir le huirbiú inbhuanaithe a dhoimhniú trí chomhpháirtíochtaí atá ann cheana, agus béim á leagan ar chathracha, ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí shibhialta. Áirítear leis an gcomhar freisin Cúnant Domhanda na Méaraí agus an Clár Idirnáisiúnta um Chomhar Uirbeach agus Réigiúnach (IURC), lena gcothaítear malartuithe idir cathracha.

Tá deis ag an Aontas agus ag an India comhoibriú chun **margadh carbóin** intíre a fhorbairt chun astaíochtaí a laghdú agus cistí a ghiniúint don aistriú glan. Tá Scéim Trádála Creidmheasa Carbóin na hIndia ag dul chun cinn go tapa, agus is féidir leis an Aontas ceachtanna a chomhroinnt óna Scéim Trádála Astaíochtaí maidir le faireachán, tuairisciú, fíorú agus tagarmharcanna earnála. Déanfar praghas carbóin a íoctar go héifeachtach san India a asbhaint faoi choigeartú airgeadais Shásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) an Aontais, coigeartú a bheidh, bunaithe ar chion carbóin, i bhfabhar onnmhaireoirí na hIndia a n-earraí SCCT a dhícharbónú. Tá an sásra sin á shimpliú freisin chun tairbhe gnólachtaí beaga.

Ba cheart don Aontas agus don India comhar maidir le hionstraimí maoinithe inbhuanaithe – amhail bannaí glasa – a chur chun cinn freisin chun caipiteal príobháideach a dhíriú ar aistriú glan na hIndia. Mar thír thosaíochta faoi Thionscnamh Bannaí Glasa Domhanda an Aontais, tairbheoidh an India de línte creidmheasa glasa méadaithe de chuid an Aontais agus de phíblínte tionscadal atá iontaofa ó thaobh brabúis de, rud a thacóidh lena theacht chun cinn mar mhol réigiúnach don chaipiteal glas.

Faoin gComhpháirtíocht maidir le hÉifeachtúlacht Acmhainní agus Geilleagar Ciorclach idir an tAontas agus an India, ba cheart don Aontas agus don India an t-idirphlé agus an comhar maidir leis an **ngeilleagar ciorclach** a neartú. Trí dhea-chleachtais agus cur chuige beartais a mhalartú, agus trí réitigh ghnó a fhorbairt – go háirithe i dteicstílí, leictreonaic, feithiclí leictreonacha agus ceallraí, athchúrsáil long agus plaistigh – is féidir leis an dá chomhpháirtí dlús a chur leis an aistriú chuig **córais atá tíosach ar acmhainní** lena laghdaítear dramhaíl agus lena gcruthaítear poist. D'fhéadfadh tionscnaimh leanúnacha an bealach a réiteach chun tuilleadh comhair a dhéanamh maidir le hathchúrsáil amhábhar criticiúil. Féachfaidh an tAontas ar roghanna chun tús a chur an athuair leis an bhFóram Comhshaoil idir an tAontas agus an India chun malartuithe idir an rialtas agus páirtithe leasmhara gnó a éascú.

Neartóidh an tAontas an comhar leis an India maidir leis an **mbithgheilleagar**, lena n-áirítear foraoiseacht agus úsáidí nuálacha ábhair. Ag tógáil ar an gComhpháirtíocht Uisce idir an India agus an tAontas, ba cheart don dá thaobh leanúint den idirphlé agus den chomhar a dhoimhniú maidir le bainistiú abhantraí, **athléimneacht agus slándáil uisce**, tuilte agus triomaigh, athúsáid uisce, agus éifeachtúlacht uisce.

Tá an tAontas réidh chun an comhar leis an India maidir le **talmhaíocht inbhuanaithe** a dhoimhniú trí chleachtais feirmeoireachta aeráid-díonacha a uas-scálú, trí fheabhas a chur ar shláinte ithreach agus ar tháirgiúlacht éiceachórais, trí dhó coinleach a laghdú, trí úsáid bithdhramhaíola a chur chun cinn, agus trí bhorradh a chur faoin iomaíochas trí theicneolaíochtaí glasa agus nuálaíochtaí cuimsitheacha. Ag tógáil ar an bhFís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia, ar **Idirphlé Comhpháirtíochta maidir le Beartas Agraibhia**, agus ar chomhar maidir leis an nuálaíocht theicneolaíoch agus scála agus éagsúlacht talmhaíochta a chomhcheangal, d'fhéadfaí slándáil dhomhanda bia a chur chun cinn agus córais agraibhia inbhuanaithe a chothú

Agus cur chuige na hAon Sláinte Amháin á ghlacadh aige, tá an tAontas tiomanta comhoibriú le lárionaid rialaithe galar Indiach chun cosc, ullmhacht agus freagairt ar bhagairtí sláinte atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn a neartú, agus tacú le **córais sláinte inbhuanaithe athléimneacha** an tráth céanna. Ag tógáil ar an rannpháirtíocht tosaigh i monarú vacsaíní agus i bhfaireachas fuíolluisce, leathnófar an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an India chuig comhroinnt sonraí neartaithe, agus beidh ról lárnach ag comhar láidir príobháideach poiblí maidir leis an nuálaíocht agus an inscálaitheacht a spreagadh.

I bhfianaise mhinicíocht agus dhéine mhéadaithe na dtubaistí nádúrtha atá ag dul in olcas mar gheall ar an athrú aeráide, déanfaidh an tAontas agus an India an comhar maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a dhoimhniú, ag díriú ar rioscaí aeráide a chosc agus a laghdú, ullmhúchán in aghaidh tubaiste agus acmhainneachtaí freagartha a fheabhsú, agus athléimneacht bonneagair a neartú. Áirítear leis sin Socrú Riaracháin a thabhairt i gcrích maidir le comhar níos dlúithe i

ndáil le bainistiú tubaistí le hÚdarás Náisiúnta na hIndia um Bainistiú Tubaistí trí idirphlé beartais, rannpháirtíocht theicniúil, comhroinnt eolais, agus fothú acmhainneachta i gcórais luathrabhaidh agus i bhfreagairt éigeandála.

## 2. AN TEICNEOLAÍOCHT AGUS AN NUÁLAÍOCHT

Braitheann rathúnas, iomaíochas agus fás inbhuanaithe fadtéarmach an Aontais agus na hIndia ar cheannaireacht i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá na huaillmhianta céanna ag an dá thaobh maidir le nuálaíocht oscailte, shlán agus dhuine-lárnach. Is é rannchuidiú an Aontais taighde agus bonneagar digiteach den chéad scoth, tionscal láidir, rialáil láidir, agus saineolas ar theicneolaíochtaí glasa agus digiteacha, agus is iad lucht saothair oilte, tacair mhóra sonraí, geilleagar digiteach agus earnáil leictreonaice atá ag dul i méid, éiceachóras nuathionscanta bríomhar, agus saineolas ar nuálaíocht thíosach a chuireann an India ar fáil. Tabharfaidh comhar maidir le teicneolaíochtaí criticiúla atá ag teacht chun cinn, taighde agus timpeallacht dhigiteach fhabhrach tairbhí inláimhsithe don phobal ar an dá thaobh.

### a) Tacú le teicneolaíochtaí criticiúla atá ag teacht chun cinn

Ba cheart don Aontas agus don India **cur chuige ar fud an tslabhra luacha** a ghlacadh i leith comhar maidir le teicneolaíochtaí criticiúla atá ag teacht chun cinn, lena gcumhdaítear taighde agus nuálaíocht, táirgeadh, caighdeánú, rialáil, glacadh sa mhargadh, forbairt scileanna, agus éascú infheistíochta. Mar chuid d'ollstruchtúr na CTT, molann an tAontas líon teoranta **Mol Nuálaíochta idir an tAontas agus an India** a chur ar bun – ardáin thiomnaithe maidir le príomhtheicneolaíochtaí lena dtugtar le chéile lucht ceaptha beartas, ceannairí tionscail, gnólachtaí nuathionscanta, infheisteoirí agus saineolaithe chun tosaíochtaí comhroinnte a shainaithint agus an nuálaíocht a spreagadh.

Thacódh na moil sin le hidirphlé, le malartú eolais, agus le tionscadail chomhpháirteacha i dteicneolaíochtaí criticiúla atá ag teacht chun cinn. De réir mar a aibíonn siad, d'fhéadfaí teicneolaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu ón gcomhar luathchéime a chur chun cinn trí Blue Valleys [Gleannta Gorma] chun cur in úsáid tionsclaíoch a chur chun cinn agus chun dlús a chur le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí. Leis an gcomhar tosaigh, d'fhéadfaí díriú ar theicneolaíochtaí digiteacha, ag tógáil ar líonra an Aontais de Mhoil Nuálaíochta Digití Eorpacha.

Tá naisc níos láidre idir FBManna Eorpacha agus Indiacha, gorlanna, agus gnólachtaí nuathionscanta — lena n-áirítear teicneolaíocht dhomhain — fíor-riachtanach. Molann an tAontas **Comhpháirtíocht maidir le Gnólachtaí Nuathionscanta idir an tAontas agus an India**, i gcomhar leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach, le Start-up India, agus leis na Ballstáit, chun infheistíocht trasteorann, comhchruthú agus fiontair ardacmhainneachta a chur chun cinn, agus éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta bríomhara na hIndia agus uirlisí nuálaíochta an Aontais á ngiaráil.

Áirítear ar na deiseanna comhair taighde agus forbairt chomhpháirteach, malartuithe tallainne cómhalartacha, agus comhfhiontair straitéiseacha maidir le **leathsheoltóirí ardfhorbartha**, ag díriú ar dhearadh agus ar fhréamhshamhaltú le haghaidh feidhmchláir intleachta saorga (IS),

saineolas Indiach maidir le dearadh sliseanna a ghiaráil agus bonneagair thaighde Eorpacha faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna.

Tá an tAontas agus an India tiomanta **d'intleacht shaorga ardfhorbartha, iontaofa, inbhuanaithe agus dhuine-lárnach** a fhorbairt. Díreofar sa chomhar ar réimsí straitéiseacha IS, lena n-áirítear samhlacha teanga mhór, tacair sonraí ilteangacha maidir le próiseáil teanga nádúrtha, tacair sonraí oiliúna IS, agus réitigh IS le haghaidh earraí poiblí amhail cúram sláinte, talmhaíocht, agus gníomhú ar son na haeráide. Neartófar an comhar idir an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga agus Misean Náisiúnta na hIndia maidir leis an Intleacht Shaorga, chomh maith le comhar le hInstitiúid Sábháilteachta IS na hIndia chun sábháilteacht, tástáil agus meastóireacht IS a leathnú.

Faoin Socrú Riaracháin idir an tAontas Eorpach agus an India maidir leis an **Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC)**, seoladh comhar i dtaighde bithleighis, samhaltú aimsire, agus tuar guaise nádúrtha idir na páirtithe leasmhara faoi seach, agus d'fhéadfaí é a leathnú chuig cumais chomhroinnte HPC agus chuig córais hibrideacha candam-HPC. D'fhéadfaí a áireamh ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha rochtain chómhalartach ar shaoráidí, comhchaighdeáin tagarmharcála, feidhmchláir chomhfhorbartha in ionsamhlú, optamú, agus meaisínfhoghlaim, malartuithe taighdeoirí, cláir chomhpháirteacha dochtúireachta, agus cómhaoiniú chun dlús a chur le sreafaí oibre hibrideacha ó chruthúnas coincheapa go táirgeadh.

Mar phríomhghníomhaithe i dteicneolaíocht an spáis, neartóidh an tAontas agus an India an comhar maidir le faire na cruinne, loingseoireacht satailíte, faireachas spáis agus cumarsáid. Seolfar Idirphlé Spáis chun an comhar a chur chun cinn agus chun an tslándáil spáis a fhiosrú

Ní mór cosaint na dteicneolaíochtaí criticiúla a bheith ina tosaíocht chomhroinnte. Ba cheart don Aontas agus don India bearta láidre a chur chun feidhme chun **aistriú neamhúdaraithe nó mí-úsáid teicneolaíochtaí íogaire agus eolais íogair a chosc**, lena n-áiritheofar go mbainfear úsáid fhreagrach astu chun tacú leis an gcobhsaíocht dhomhanda, le luachanna daonlathacha agus le huathriail straitéiseach.

### b) Timpeallacht dhigiteach fhabhrach a chur chun cinn

Bunaithe ar rialacha trádála digití idir an tAontas agus an India amach anseo, tá sé d'aidhm ag an Aontas an comhar leis an India a dhoimhniú chun **éiceachóras digiteach iontaofa, slán, cothrom agus idir-inoibritheach** a chruthú. Áirítear leis sin **comhar rialála** neartaithe maidir le rialachas sonraí, rialáil ardán, margaí digiteacha, agus cibearshlándáil – faoi threoir na cómhalartachta, na gcaighdeán idirnáisiúnta, agus chearta an duine.

Ba cheart don Aontas agus don India oibriú le chéile freisin chun **margaí digiteacha cothroma**, **ríomhthráchtáil** shlán, **príobháideachas ar líne** agus **cosaint leanaí** a chur chun cinn, agus ábhar neamhdhleathach agus rioscaí sistéamacha a chomhrac an tráth céanna. Trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, cuideofar le cothromaíocht a bhaint amach idir an nuálaíocht agus an fhreagracht, an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn, agus luachanna daonlathacha, saoirse cainte agus dínit an duine a chaomhnú sa ré dhigiteach.

Tá **sreafaí iontaofa sonraí trasteorann** ríthábhachtach don trádáil, don nuálaíocht, don intleacht shaorga iontaofa, agus don chomhar i bhforfheidhmiú an dlí agus i ndigitiú an cheartais. Tá acmhainneacht ann éiceachórais sonraí an Aontais agus na hIndia a nascadh ar bhealach níos fearr ar bhealach slán comhoiriúnach. Rachaidh an tAontas i dteagmháil leis an India chun **creat láidir cosanta sonraí** a chur chun cinn agus chun cóineasú a chur chun cinn agus é á chur chun feidhme.

Aithníonn an tAontas agus an India araon a thábhachtaí atá sé **bonneagar digiteach** slán a chur in úsáid, go háirithe líonraí 5G/6G atá slán agus iontaofa agus cáblaí fomhuirí agus trastíre. Tá an tAontas réidh lena thaithí sa réimse sin a roinnt, agus leas á bhaint as ionstraimí amhail Bosca Uirlisí 5G nó an Teachtaireacht le déanaí chun slándáil agus athléimneacht cáblaí fomhuirí a neartú. Is sampla é an Meabhrán Tuisceana idir comhghuaillíocht 6G Bharat na hIndia agus Comhlachas Tionscail Seirbhísí agus Líonraí Cliste 6G an Aontais d’iarrachtaí comhoibríocha comhthairbheacha chun éiceachórais teileachumarsáide shlána iontaofa a fhorbairt, rud a réitíonn an bealach chun **líonraí 6G** athléimneacha iontaofa a chruthú.

Is féidir le comhar maidir le **bonneagar poiblí digiteach** – leas a bhaint as taithí na hIndia le hardáin chuimsitheacha mhórscála agus ceannaireacht an Aontais i gcaighdeáin dhomhanda – tacú le cuimsiú airgeadais, le céannacht dhigiteach, agus le seachadadh éifeachtúil seirbhíse poiblí. Tá sé d’aidhm ag an dá thaobh **idir-inoibritheacht theicniúil** a chumasú, amhail idir an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití agus córas Adhaar na hIndia, chun trádáil trasteorann, taisteal agus malartuithe sonraí a éascú. Tá sé d’aidhm acu freisin bonneagar poiblí digiteach a chur chun cinn go comhpháirteach i dtríú tíortha.

**c) Comhar taighde a chur chun cinn**

Le comhar faoi **chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais**, soláthraítear deiseanna do thaighdeoirí agus do nuálaithe i réimsí amhail teicneolaíochtaí digiteacha, fuinneamh glan, bainistiú uisce, bia agus talmhaíocht, sláinte, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail leathsheoltóirí, bith-theicneolaíocht agus ardábhair, agus áirithítear an tráth céanna go mbeidh rochtain chomhionann ag mná ar na deiseanna sin.

Tá comhar taighde comhpháirteach faoi Fhís Eorpach – clár suaitheanta taighde agus nuálaíochta an Aontais – ann cheana féin trí ghlaonna comhordaithe eisceachtúla leis an India, amhail maidir le bruscar plaisteach muirí agus dramhaíl go hidrigin in-athnuaite. Mar sin féin, d’fhéadfadh an India machnamh a dhéanamh ar **bhaint a bheith aici le Fís Eorpach**. D’fhágfadh sé sin go bhféadfaí comhar eolaíoch níos doimhne agus níos struchtúrtha a dhéanamh, rud a chuirfeadh é ar a gcumas do thaighdeoirí agus d’institiúidí na hIndia páirt a ghlacadh ar bhonn cothrom i dtionscadail chomhoibríocha thar raon leathan réimsí. Chuirfeadh sé feabhas freisin ar an rochtain atá ag taighdeoirí Indiacha ar bhonneagair thaighde Eorpacha den chéad scoth.

Ag tógáil ar an gcomhaontú idir Euratom agus an India maidir le comhar taighde agus forbartha, ba cheart don dá chomhpháirtí comhar a chur chun cinn maidir le **húsáidí síochánta fuinnimh núicléach**, lena gcumhdaítear sábháilteacht imoibreoirí núicléacha, cosaint ar radaíocht, bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, slándáil núicléach, coimircí, feidhmeanna eolaíochta núicléiche, agus comhleá. Ba cheart don Aontas agus don India a gcomhar a dhoimhniú freisin

san Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta, a bhfuil an bheirt acu ina gcomhaltaí de.

## 3. AN tSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT

Cuireann castacht mhéadaitheach na mbagairtí slándála domhanda, an teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid, agus an t-athrú tapa teicneolaíoch, i dtábhacht an ngá atá le hidirphlé agus comhar níos dlúithe idir an tAontas agus an India i réimse na slándála agus na cosanta. Cuireann brúnna ar línte farraige domhanda saoirse loingseoireachta i mbaol, agus tá rioscaí nua ag teacht chun cinn i réimsí na cibearshlándála, na hibridí agus an spáis. Cuireann teicneolaíochtaí bunathraitheacha atá ag teacht chun cinn, amhail IS, buntáistí straitéiseacha ar fáil agus, an tráth céanna, cruthaíonn siad dúshláin maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus comhlíontacht leis an dlí idirnáisiúnta.

Tá dlús curtha leis an gcomhar slándála agus cosanta idir an tAontas agus an India le déanaí, lena n-áirítear tríd an Idirphlé Straitéiseach maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála a seoladh i mí an Mheithimh 2025. Tugann idirphlé téamach tráthrialta aghaidh ar chúrsaí slándála agus cosanta, ar an tslándáil mhuirí, ar an gcibearshlándáil, ar an bhfrithsceimhlitheoireacht agus ar an neamhleathadh. Is príomh-chomhpháirtí í an India freisin i dtionscadal an Aontais ‘An Comhar Slándála san Áise agus leis an Áise agus leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a fheabhsú’ (ESIWA+).

Tá an tAontas agus an India ag féachaint anois ar Chomhpháirtíocht Slándála agus Chosanta idir an tAontas agus an India a chruthú. Leis an gcomhpháirtíocht sin, dhéanfaí comhairliúcháin straitéiseacha a dhoimhniú a thuilleadh agus chumasófaí comhar níos dlúithe agus tionscnaimh chomhpháirteacha maidir le tosaíochtaí comhroinnte amhail bainistiú géarchéime, slándáil mhuirí, cur i gcoinne cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha, agus an fhrithsceimhlitheoireacht. D’éascódh sé comhar tionsclaíoch i réimse na cosanta freisin.

Tá caibidlíocht á seoladh ag an dá thaobh freisin maidir le **Comhaontú maidir le Slándáil Faisnéise** lena n-éascófar malartú faisnéise rúnaicmithe agus comhar níos láidre i réimsí a bhaineann leis an tslándáil agus leis an gcosaint. D’fhéadfadh sé sin an bealach a réiteach freisin do rannpháirtíocht na hIndia i dtionscnaimh slándála agus cosanta an Aontais i gcomhréir le creataí Conradhbhunaithe an Aontais.

### a) Rannpháirtíocht maidir leis an tslándáil réigiúnach a dhoimhniú

Tá rannpháirtíocht straitéiseach mhéadaitheach an Aontais sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach – go háirithe an tacaíocht a thugann sé do chomhpháirtithe réigiúnacha i réimsí cuimsitheacha slándála – ag teacht go dlúth le ról na hIndia mar phríomhcholún den chobhsaíocht réigiúnach agus lena comhar doimhnithe le comhpháirtithe, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, an tSeapáin, an Astráil agus ballstáit ASEAN. Ba cheart don dá thaobh feabhas a chur ar an gcomhordú agus tuairimí a mhalartú maidir leis na **naisc idir na réigiúin Eora-Atlantacha agus Ind-Chiúin-Aigéanacha**, go háirithe an nasc idir an Mheánmhuir, an Mhuir Rua, agus an tAigéan Indiach mar phríomh-chomhéadain idir an dá réigiún.

Léiríonn **rannpháirtíocht an Aontais i dTionscnamh na nAigéan Ind-Chiúin-Aigéanach** a sheol an India go bhfuil sé réidh chun comhar a mhéadú maidir le tosaíochtaí comhroinnte amhail éiceolaíocht mhuirí, acmhainní muirí, fothú acmhainneachta, ullmhúchán in aghaidh tubaiste, slándáil mhuirí, agus iompar.

Mar Chomhpháirtí Idirphlé de chuid Chomhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh, is maith is féidir leis an Aontas freisin sineirgí a fhorbairt leis an India maidir le tosaíochtaí réigiúnacha. In 2024, chomhaontaigh an tAontas agus an India comhairliúcháin thiomnaithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a sheoladh chun feabhas a chur ar an gcomhordú maidir le dúshláin straitéiseacha chomhchoiteanna.

Cuireann an tAontas an tsíocháin agus an tslándáil chun cinn bunaithe ar urraim don dlí idirnáisiúnta agus **rachaidh sé i dteagmháil a thuilleadh leis an India maidir le gach gné de chur i gcoinne fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine**. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas d'fhéachaint ar bhealaí chun cosc a chur ar ath-onnmhairiú ítimí láithreach catha de thionscnamh an Aontais chuig an Rúis agus ar theacht timpeall ar smachtbhannaí, lena n-áirítear trí scáthchabhlach na Rúise agus trí bhearta fuinnimh eile. Áirítear leis sin an t-idirphlé leanúnach le Toscaire Smachtbhannaí an Aontais agus tionscnaimh phraiticiúla fothaithe acmhainneachta leis an earnáil phríobháideach.

Tá rannpháirtíocht leis an India maidir le **bainistiú géarchéime**, i réimsí leasa fhrithpháirtigh, tábhachtach, agus ba dhíol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht na hIndia i **misin shibhialta agus mhíleata** Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais. Ba cheart don Aontas agus don India dul i mbun iniúchadh ar na socruithe iomchuí dó, agus lánurraim á tabhairt dá bpróisis chinnteoireachta faoi seach.

**b) Bagairtí traidisiúnta agus hibrideacha a chomhrac**

Is bunchloch den tslándáil réigiúnach agus dhomhanda í an tslándáil mhuirí. Ós rud é go bhfuil an dá thaobh ag brath go mór ar iompar muirí le haghaidh trádála agus nascachta, tá sé ríthábhachtach línte mara cumarsáide a dhaingniú, bonneagair chriticiúla a chosaint agus srian a chur le gníomhaíochtaí an scáthchabhlaigh. Tá an tAontas agus an India aontaithe ina ngealltanas d'ord muirí atá saor, oscailte, cuimsitheach agus riailbhunaithe, lena n-áirítear sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Gheall an tAontas agus an India rannpháirtíocht a mhéadú maidir le **feasacht staide muirí** chun measúnú, comhordú agus idir-inoibritheacht chomhroinnte a chur chun cinn, rud a éilíonn sineirgí ar roinnt mhaith leibhéal.

Féachann an tAontas leis an gcomhar leis an India a dhoimhniú chun tacú le **creataí réigiúnacha slándála muirí**, rud a chuideoidh le hacmhainneacht na stát cósta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte a neartú. Áirítear leis sin obair chomhpháirteach ar fheasacht staid muirí agus tacaíocht neartaithe d'ardáin réigiúnacha comhroinnte faisnéise amhail an Lárionad Réigiúnach um Chomhleá Faisnéise Muirí i Madagascar. D'fhéadfadh an tAontas agus an India oibriú níos dlúithe le chéile freisin ar thionscadail fothaithe acmhainneachta le haghaidh thíortha an Aigéin Indiaigh.

Ag tógáil ar an gcomhar atá ann cheana, lena n-áirítear trí oibríochtaí cabhlaigh **EUNAVFOR ATALANTA** agus **EUNAVFOR ASPIDES**, tá sé d'aidhm ag an Aontas an comhar

oibríochtúil le Cabhlach na hIndia a leathnú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freachnaimh chomhpháirteacha bhreise, ag tógáil ar dhruil chabhlaigh mhí an Mheithimh 2025 a bhí dírithe ar ardoibríochtaí comhraic i gcoinne na píoráideachta, ar idir-inoibritheacht, ar inlíochtaí oirbheartaíochta, agus ar chumarsáid shlán. D'fhéadfadh comhpháirtithe Ind-Chiúin-Aigéanacha eile a bheith i gceist le freachnaimh den sórt sin. Féachfaidh an tAontas le socruithe a thabhairt i gcrích idir oibríochtaí cabhlaigh an Aontais agus Cabhlach na hIndia chun comhroinnt faisnéise agus comhar níos fearr a éascú san Aigéan Indiach Thiar. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an tAontas agus an India gníomhaíochtaí comhpháirteacha mara a shaothrú i réimsí eile leasa choitinn amhail Murascaill na Guine.

Leis an gcomhar a dhéanfar amach anseo, ba cheart díriú freisin ar **bhonneagar criticiúil muirí** a chosaint, go háirithe i bhfianaise bagairtí hibrideacha atá ag dul i méid. Beidh rannpháirtíocht trí struchtúir réigiúnacha amhail an Coimisiún um an Aigéan Indiach ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála athraitheacha sin. Ba cheart don Aontas agus don India leanúint den chomhar maidir le sábháilteacht mhuirí freisin, lena n-áirítear dul i ngleic leis na bagairtí ar an gcomhshaol agus ar loingseoireacht shábháilte a bhaineann le loingseoireacht atá faoi bhun caighdeáin agus cleachtais loingseoireachta rioscúla.

Molann an tAontas an comhar leis an India a dhoimhniú maidir leis an **gcibearshlándáil** agus athléimneacht a thógáil i leith **bagairtí hibrideacha**, go háirithe tríd an Idirphlé maidir le Cibearspás idir an tAontas agus an India, lena n-áirítear i réimsí amhail taighde a bhaineann leis an tslándáil, slabhraí soláthair TFC a dhaingniú agus tús áite a thabhairt do theicneolaíochtaí agus díoltóirí digiteacha iontaofa. D'fhéadfaí an comhar a neartú i réimsí an chúnaimh fhrithpháirtigh dlí agus na cibearchoireachta, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht.

Tá **bagairtí tromchúiseacha sceimhlitheoireachta** os comhair an Aontais agus na hIndia araon. Ba mheabhrú tragóideach é ionsaí Pahalgam i mí Aibreáin 2025 ar chostas daonna na sceimhlitheoireachta. Tugann an dá chomhpháirtí aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le naisc na sceimhlitheoireachta leis an gcoireacht eagraithe, chomh maith leis an ngá atá le maoiniú na sceimhlitheoireachta, an bholscaireacht ar líne, agus na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhrac. Tá an tAontas tiomanta an comhar **frithsceimhlitheoireachta** a neartú a thuilleadh chun measúnú a dhéanamh ar bhagairtí domhanda, chun an t-antoisceachas agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus chun an comhar a neartú trí iarrachtaí fothaithe acmhainneachta, trí thionscadail chomhpháirteacha, agus trí chomhpháirtíochtaí forfheidhmithe dlí.

Maidir leis an **gcoireacht eagraithe thrasnáisiúnta**, tá sé d'aidhm ag an Aontas an comhar breithiúnach agus an comhar i bhforfheidhmiú an dlí leis an India a neartú. Is é is aidhm dó an Socrú Oibre idir Europol agus Biúró Lárnach Imscrúdaithe na hIndia a chur chun feidhme, lena gceadaítear don dá thaobh sonraí neamhphearsanta a mhalartú, amhail modheolaíochtaí agus treochtaí coiriúla, agus faisnéis ábhartha eile. Áirítear leis sin nasc na hIndia le Feidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh an tAontas agus an India comhar a fhorbairt le Eurojust agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. D'fhéadfaí an comhar sin a leathnú chun cosc atreoraithe agus gáinneála réamhtheachtaithe

drugaí a úsáidtear i monarú aindleathach drugaí aindleathacha agus substaintí sícighníomhacha nua a chumhdach.

### c) Borradh a chur faoin gcomhar tionsclaíoch i réimse na cosanta

Trí chomhar a neartú idir tionscail chosanta an Aontais agus na hIndia – i gcomhréir le tosaíochtaí slándála comhroinnte agus le coimircí cuí in aghaidh sceitheadh teicneolaíochta – is féidir cuidiú le **cumas táirgeachta agus teicneolaíochta** faoi seach a neartú, slándáil na slabhraí soláthair a neartú, agus nuálaíocht agus iomaíochas a spreagadh. Is féidir le saineolas an Aontais maidir le taighde, forbairt agus monarú cosanta tacú leis an India a bonn tionsclaíoch cosanta a neartú agus slabhraí soláthair iontaofa a éagsúlú, agus d'fhéadfadh acmhainneachtaí monaraíochta na hIndia cuidiú leis an Aontas soláthar arm a mhéadú in earnálacha sonracha.

Chun an comhar sin a chur chun cinn, d'fhéadfaí Fóram Tionscail Cosanta á dtreorú ag an tionscal idir an tAontas agus an India a chur ar bun chun gnólachtaí ón dá thaobh a thabhairt le chéile chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus deiseanna comhair a shainaithint. Bheadh oifigigh de chuid an Aontais agus na hIndia rannpháirteach mar bhreathnóirí.

## 4. NASCACHT AGUS SAINCHEISTEANNA DOMHANDA

Mar phríomhghníomhaithe domhanda in G20, ba cheart don Aontas agus don India an comhar a neartú chun leasanna comhroinnte a chosaint, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha dhomhanda, agus samhlacha forbartha neamh-inbhuanaithe arna gcur chun cinn ag gníomhaithe eile a fhrithchothromú. Tá an dá chomhpháirtí in áit mhaith chun nascacht réigiúnach shlán agus inbhuanaithe, comhar um fhorbairt le tríú tíortha agus i dtríú tíortha, agus rialachas domhanda éifeachtach a chur chun cinn go comhpháirteach.

### a) Nascacht réigiúnach a neartú

Tá **cláir oibre uaillmhianacha um nascacht** idirnáisiúnta ag an Aontas agus ag an India araon. Le Global Gateway an Aontais slógtar EUR 300 billiún ar fud an domhain chun tacú le bonneagar fuinnimh, digiteach agus iompair, agus cuireann an India tionscnaimh amhail MAHASAGAR (An Dul Chun Cinn Frithpháirteach agus Iomlánaíoch le haghaidh na Slándála agus an Fháis) chun cinn. In 2021, thug an dá chomhpháirtí an Chomhpháirtíocht Nascachta idir an tAontas agus an India i gcrích freisin. Agus na hardáin sin á ngiaráil acu, tá an dá chomhpháirtí in ann oibriú i gcomhar le chéile chun nascacht a neartú idir an Eoraip, an India agus an réigiún i gcoitinne, lena gcloítear le hardchaighdeáin agus deiseanna tráchtála nua á scaoileadh an tráth céanna le haghaidh ghnólachtaí an Aontais agus na hIndia araon.

Sampla suaitheanta den chomhar straitéiseach sin is ea **an Chonair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip**. Féachann an tionscadal sin le bealaí trádála stairiúla Eoráiseacha a athbheochan trí bhonneagar muirí, iarnróid, digiteach, fuinnimh agus hidrigine glaine a chomhtháthú. Is é is aidhm don Chonair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip bealaí trádála a éagsúlú, spleáchais straitéiseacha a laghdú, lánpháirtiú réigiúnach a chur chun cinn, agus féachaint go seasfaidh slabhraí soláthair an aimsir, agus sa chaoi sin deiseanna eacnamaíocha nua a chur ar fáil ar fud na hEorpa, na hIndia, na hAfraice agus níos faide i gcéin.

Tá an tAontas tiomanta ról ceannasach a bheith aige sa Chonair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip, trí infheistíocht a dhéanamh trí bhíthin Global Gateway agus comhordú a dhéanamh le comhpháirtithe Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear BEI, chun tacú le tionscadail ó staidéir indéantachta go forbairt bonneagair. Tá an tAontas toilteanach comhoibriú leis an India chun cur in úsáid réigiúnach **bonneagair dhigitigh** atá slán agus inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear líonraí slána iontaofa 5G, cáblaí fomhuirí agus talún agus nascacht satailíte.

Faoi chuimsiú na Conaire Eacnamaíche idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip, tá **Conair Dhigiteach idir an tAontas, an Afraic agus an India** á cur chun cinn ag an Aontas, lena n-áirítear córas cáblaí fomhuirí Raman Gorm 11,700 km lena nasctar an Eoraip leis an India tríd an Meánmhuir, tríd an Meánoirthear agus tríd an Afraic Thoir. Leis an tionscnamh seo de chuid an Aontais, soláthrófar nascacht sonraí fíor-ardluais, shlán agus éagsúlaithe atá athléimneach in aghaidh suaití de dheasca tubaistí nádúrtha nó gníomhartha sabaitéireachta.

Ina theannta sin, tá an tAontas agus an India ag comhoibriú chun **Conairí Loingseoireachta Glaise** a fhorbairt, rud a neartóidh nascacht mhuirí inbhuanaithe, a laghdóidh an spleáchas ar bhealaí ar mó a lorg carbóin agus a dhearbhóidh ceannaireacht chomhpháirteach maidir le caighdeáin dhomhanda trádála agus iompair a mhúnlú.

**b) Comhar a chur chun cinn i dtríú tíortha**

Tríd an **gComhaontú Riaracháin idir an tAontas agus an India** a síníodh i mí an Mheithimh 2025, féachann na comhpháirtithe le hinfheistíocht chomhpháirteach a dhéanamh i dtionscadail a thacaíonn le fás eacnamaíoch, poist agus forbairt inbhuanaithe i dtríú tíortha, go háirithe san Afraic agus san Áise Theas. Leis an gcomhar sin, bainfear leas as láidreachtaí comhlántacha an Aontais, na hIndia agus a n-earnálacha príobháideacha chun an tionchar ar an láthair a uasmhéadú agus chun féachaint le sásraí nuálacha maoinithe margadhbhunaithe a fhorbairt. D'fhéadfadh **comhpháirtithe eile atá ar aon intinn a bheith páirteach** ann. Tá comhar den sórt sin ag éirí níos tábhachtaí i bhfianaise tírdhreach cabhrach a bheith ag athrú agus samhlacha forbartha malartacha ag teacht chun cinn.

D'fhéadfadh **tionscadail thríthaobhacha chomhair** amach anseo díriú ar earnálacha arna sainaithint go frithpháirteach amhail bonneagar fuinnimh ghlain, soghluaisteacht ghlas, agus digitiú. Chomhaontaigh an tAontas agus an India freisin bonneagair phoiblí dhigiteacha a chur in úsáid go comhpháirteach i dtríú tíortha a oibríonn go rianúil le córais an Aontais agus na hIndia.

Léiríonn tionscnaimh leanúnacha conas is féidir leis an gcomhar idir an tAontas agus an India tairbhí inláimhsithe a chur ar fáil do chomhpháirtithe. Mar shampla, tá sé d'aidhm ag an Aontas agus ag an India araon teicneolaíocht an ghrianfhuinnimh a dhéanamh níos inrochtana agus níos inacmhainne ar fud an domhain tríd an **gComhaontas Idirnáisiúnta Gréine (CIG)**. Tá an tAontas ag tacú le clár CIG maidir le líonra idirnáisiúnta Lárionad Acmhainní um Theicneolaíocht Ghréine agus Feidhmchláir (STAR-C) a struchtúrú, rud a chuideoidh le cáilíocht an bhonneagair a fheabhsú agus le margaí le haghaidh táirgí agus seirbhísí grianfhuinnimh a chur chun cinn, go háirithe sna tíortha is lú forbairt san Afraic.

Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil leis an **gComhghuaillíocht um Bonneagar atá Athléimneach ó Thubaistí**, atá faoi stiúir na hIndia, chun cuidiú le córais bhonneagair a thógáil lenar féidir suaití aeráide a sheasamh i stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha ar fud an Aigéin Chiúin, Mhuir Chairib agus an Aigéin Indiaigh. Bainfidh tionscnamh réigiúnach nua eile úsáid as **uirlisí satailíte Copernicus** chun tacú le bainistiú riosca tubaiste san Áise Theas.

Le **Comhpháirtíocht nua idir an tAontas agus an India maidir le Cúnamh Daonnúil** bunaithe ar phrionsabail dhaonnúla a aithnítear go hidirnáisiúnta, bheadh an dá thaobh in ann a ngníomhaíochtaí a chomhordú ar bhealach níos fearr ar an láthair.

**c) Rialachas domhanda éifeachtach a mhúnlú**

Aithníonn an tAontas agus an India go bhfuil gá le hinstitiúidí domhanda éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchoiteanna agus chun spriocanna comhroinnte a chur chun cinn maidir le fás inbhuanaithe cuimsitheach, cearta an duine, agus síocháin agus slándáil. Tráth a bhfuil méadú ag teacht ar an mbrú atá ar na hinstitiúidí sin, neartódh **comhordú feabhsaithe idir an tAontas agus an India sna Náisiúin Aontaithe, sa G20 agus i bhfóraim eile** – lena n-áirítear trí chomhairliúcháin tráthrialta roimh mhórimeachtaí – ár dtionchar comhchoiteann.

Tacaíonn an dá chomhpháirtí le **hinstitiúidí iltaobhacha a athchóiriú** chun iad a dhéanamh níos ionadaíche agus níos oiriúnaí le haghaidh dhúshláin an lae inniu. Le **tionscnamh NA80**, soláthraítear ardán chun athchóiriú agus athbheochan na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, agus a phrionsabail a chaomhnú agus an Comhshocrú don Todhchaí a chur chun feidhme an tráth céanna. Le cathaoirleacht na hIndia atá le teacht ar BRICS, soláthrófar deis don India an dlí idirnáisiúnta, noirm agus luachanna a chur chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta.

Tá leas ag an Aontas agus ag an India araon i gcóras trádála domhanda atá oscailte, intuartha agus riailbhunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas agus don India oibriú le chéile chun **athchóiriú fóinteach a dhéanamh ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)** chun rialachas níos éifeachtaí agus clár oibre trádála nuashonraithe a chur ar bun d'fhonn aghaidh níos fearr a thabhairt ar shaobhadh eacnamaíoch agus ar ilroinnt atá ag dul i méid. Ós rud é go bhfuil imní ar an dá chomhpháirtí maidir leis an mbearna mhaoinithe chun na SFInna a bhaint amach, tá deis ann dul i gcomhar le chéile chun **ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta níos cuimsithí agus níos éifeachtúla** a thógáil, acmhainní ó gach foinse a shlógadh agus athchóirithe ar Bhanc Forbartha Iltaobhach a chur chun cinn agus plean gníomhaíochta Ghealltanas Sevilla a chur chun feidhme an tráth céanna.

Ba cheart don Aontas agus don India dul i gcomhar le chéile chun **Comhaontú Pháras** a chur chun feidhme, lena n-áirítear gealltanais chomhleanúnacha a thug Comhdháil na bPáirtithe (COP) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, agus a n-uaillmhian maidir le dícharbónú a mhéadú a thuilleadh trí rannchuidithe uile-gheilleagair arna gcinneadh go náisiúnta agus lena gcuimsítear gás ceaptha teasa. Is díol sásaimh don Aontas é léiriú ceannaireachta na hIndia go bhfuil sé ar intinn aici COP33 a óstáil in 2028. Ag tógáil ar chomhaontú G20 faoi chathaoirleacht na hIndia chun acmhainneacht dhomhanda fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí, ba cheart don dá chomhpháirtí dlús comhpháirteach a chur le gníomhaíocht iltaobhach maidir leis an **aistriú chuig fuinneamh glan**, lena n-áirítear faoi

chuimsiú an Fhóraim Dhomhanda um Aistriú Fuinnimh, an Ghrúpa Ceannaireachta um Thrasdul Tionsclaíoch agus na Comhghuaillíochta Domhanda Bithbhreoslaí, agus tionscnaimh iltaobhacha a spreagadh arb é is aidhm dóibh **deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise**.

Rachaidh an tAontas i dteagmháil leis an India freisin chun cur chun feidhme iomlán **Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal** agus an Chláir Oibre Dhomhanda maidir le hUisce a áirithiú, chun glacadh **Conartha Domhanda ceangailteach maidir le Plaistigh** a chur chun cinn, agus chun malartú a dhéanamh maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac, lena n-áirítear maidir le loingseoireacht neamhdhleathach dramhaíola. Tá sé curtha in iúl ag an Aontas agus ag an India go bhfuil siad toilteanach comhoibriú maidir le cur chun feidhme **Chreat Glan-nialasachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta** chun an loingseoireacht idirnáisiúnta a dhícharbónú.

Tá an tAontas ag iarraidh comhar méadaithe leis an India maidir le rialachas na n-aigéan, lena n-áirítear trí Idirphlé maidir leis na hAigéin agus leis an Iascach, chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn, bithéagsúlacht mhuirí a chosaint, agus daingniú agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht lasmuigh den Dlínse Náisiúnta a chur chun cinn, chomh maith le limistéir mhuirí nua faoi chosaint (LMFCanna) a ainmniú san Aigéan Theas. Ba dhíol sásaimh don Aontas freisin na hiarrachtaí comhpháirteacha sa Choimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, aontachas féideartha na hIndia leis an gComhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt maidir le hIascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte (NNN), agus bailchríoch a chur ar rialacha breise faoi Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais Iascaigh.

Leanfaidh an tAontas agus an India de thacaíocht a thabhairt don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), de bheith ag obair le chéile chun clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach agus de bheith ag obair i gcomhar le chéile ar **Thionscnamh nua an Aontais maidir le hAthléimneacht Sláinte Domhanda**. Déanfaidh siad an comhar a dhoimhniú freisin chun aghaidh a thabhairt ar an **ocras domhanda agus ar neamhshlándáil an tsoláthair bia** trí thionscnaimh iltaobhacha amhail an Comhaontas Domhanda chun an tOcras agus an Bhochtaineacht a Chomhrac.

Trí dhlúthchomhordú a dhéanamh ar ardáin dhomhanda **rialachais IS**, d'fhéadfadh an tAontas agus an India cur chuige freagrach, duine-lárnach i leith IS a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí. Tá an tAontas réidh chun oibriú leis an India le haghaidh cruinniú mullaigh rathúil maidir leis an intleacht shaorga arna óstáil ag an India i mí Feabhra 2026.

Tá an tAontas ag tnúth le leanúint den rannpháirtíocht leis an India maidir le cúrsaí a bhaineann le cearta an duine go déthaobhach agus sa chomhthéacs iltaobhach. Is díol sásaimh don Aontas na gealltanais a thug an India mar iarrthóir ar bhallraíocht i gComhairle NA um Chearta an Duine. Ba cheart an comhar leis an India sna Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim iltaobhacha eile a dhoimhniú a thuilleadh maidir le **cobhsaíocht sa chibearspás**, cur chun feidhme chreat na Náisiún Aontaithe maidir le hiompraíocht fhreagrach stáit sa chibearspás, agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith na **frithsceimhlitheoireachta**. Déanfaidh an tAontas comhordú breise leis an India maidir le bearta trédhearcachta agus forbartha muiníne sa **chianspás**, faoi chuimsiú Mheitheal Neamhiata na Náisiún Aontaithe maidir le Rás Arm sa

Chianspás a Chosc. Leanfaidh sé de bheith i dteagmháil leis an India maidir leis an **gcreat iltaobhach maidir le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm** a chaomhnú agus spreagfaidh sé an India chun aontú do phríomhchonarthaí amhail an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha, agus an Conradh Trádála Arm.

## 5. CUMASÓIRÍ THAR CHOLÚIN

Tá cumasóirí thar cholúin fíor-riachtanach. Áirítear orthu sin soghluaisteacht scileanna, malartuithe eolais, rannpháirtíocht ghnó, agus comhar institiúideach, chun idirghníomhaíocht a uasmhéadú, comhthuiscint a chur chun cinn, agus comhsheasmhacht agus tionchar níos fearr a áirithiú ar fud tionscnaimh eacnamaíocha, theicneolaíocha, slándála agus dhomhanda. Agus iad ag feidhmiú mar fhíochán tacaíochta na comhpháirtíochta, fágfaidh na cumasóirí sin go mbeidh sí níos comhtháite agus níos athléimní agus go mbeidh sí in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

### a) Soghluaisteacht scileanna a leathnú

Tá méadú seasta tagtha ar an tsoghluaisteacht idir an India agus an tAontas, rud a neartaíonn geilleagair, turasóireacht agus naisc idir daoine. In 2023, bhí 825 000 saoránach Indiach ina gcónaí san Aontas, an grúpa is mó a fuair Cártaí Gorma AE agus ceadanna aistrithe ionchorparáideacha. Is grúpa mór mac léinn, taighdeoirí agus scoláirí Erasmus Mundus iad na hIndiaigh freisin. Tá an taisteal tar éis éirí níos éasca, agus eisíodh beagnach aon mhilliún víosa Schengen san India in 2024, roinnt mhaith acu mar víosaí gearrfhanachta dul isteach iolrach.

Tá sé d'aidhm ag an dá chomhpháirtí an imirce a bhainistiú ar bhealach ciallmhar – dul i ngleic le sreabha neamhdhleathacha agus tacú an tráth céanna le soghluaisteacht chothrom tallainne a fhreastalaíonn ar thosaíochtaí forbartha na hIndia agus ar riachtanais eacnamaíocha an Aontais, mar a leagtar amach san Idirphlé Ardleibhéil idir an tAontas agus an India agus sa Chomhchlár Oibre i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta. Cuideoidh sonraí níos fearr, comhroinnt faisnéise, forbairt agus meaitseáil scileanna, mar aon le tacaíocht do dhaoine nuathagtha, le líonra buanna tallainne a thógáil.

Tá an tAontas ag comhoibriú leis an India chun an **chéad cheann de na hOifigí Tairsí Dlíthiúla Eorpacha píolótacha** san India a sheoladh, mol ilfhreastail chun faisnéis a sholáthar agus chun tacú le gluaiseacht oibrithe chuig an Aontas, ag tosú le hearnáil TFC. Tá an Coimisiún ag comhordú leis na Ballstáit agus leis an tionscal chun seoladh tapa atá ailínithe leis an margadh a áirithiú. Téann an tionscnamh i ngleic le bacainní oibríochtúla, freagraíonn sé d'éileamh láidir, agus d'fhéadfadh sé leathnú chuig scileanna digiteacha san intleacht shaorga, sonraí, ríomhaireacht chandamach agus sár-ríomhaireacht.

Taobh leis an gcreat trádála agus infheistíochta a mheastar a chruthóidh an Comhaontú Saorthrádála, d'fhéadfadh an tAontas agus an India, ina mbeadh na Ballstáit leasmhara rannpháirteach, **creat cuimsitheach comhair a fhorbairt maidir le soghluaisteacht** chun an imirce dhleathach a chuíchóiriú, tacú le forbairt scileanna, creataí scileanna agus cáilíochta a

chur i gcomparáid le chéile agus gluaiseacht oibrithe oilte, gairmithe óga agus oibrithe séasúracha in earnálacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a éascú. I **straitéis víosaí an Aontais atá ar na bacáin**, cuirfear gníomhaíochtaí i láthair freisin chun soghluaisteacht na mac léinn, na dtaighdeoirí agus na n-oibrithe oilte is fearr a éascú.

Is féidir leis an Aontas agus leis an India **malartuithe mac léinn, acadóirí agus taighdeoirí** a leathnú trí thionscnaimh amhail Aontas na Scileanna, Erasmus+, lena n-áirítear Cláir Máistreachta Chomhpháirteacha Erasmus Mundus, agus Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC), mar aon le cláir chistiúcháin na hIndia. Cuirfidh tionscnaimh nua amhail an tionscnamh píolótach 'Roghnaigh an Eoraip don Eolaíocht' agus sásra cómhaoinithe Chomhairle na hIndia um Thaighde Eolaíoch agus Tionsclaíoch borradh faoin gcomhar. Eagróidh an tAontas **aontaí staidéir** san India freisin tríd an tionscnamh 'Staidéar san Eoraip'.

D'fhéadfadh institiúidí na hIndia dul isteach in **Ionaid Barr Feabhais Gairme Erasmus+** mar chomhpháirtithe comhlachaithe, agus ba cheart do rannpháirtithe an Aontais rochtain níos éasca a fháil ar chláir na hIndia maidir le soghluaisteacht, scoláireacht agus oideachais. I réimse na foghlama obairbhunaithe, d'fhéadfadh an tAontas a thaithí a roinnt leis an gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí mar chineál tionscnaimh chun ardchaighdeáin do **phrintíseachtaí** a chur chun cinn.

Chun an t-oideachas Eorpach a dhéanamh níos tarraingtí do na mic léinn is fearr as an India, tá gá le comhar níos dlúithe idir institiúidí chun **aitheantas cáilíochtaí** agus tréimhsí foghlama ar an gcoigríoch a éascú. Tacóidh sé sin le comhar córasach san ardoideachas agus sa ghairmoideachas, rud a chumasóidh cláir chomhpháirteacha, campais satailíte agus oiliúint teanga san India.

Cuirfidh an tAontas tús le **hIdirphlé Oideachais agus Scileanna** ar an leibhéal polaitiúil lena dtabharfar le chéile lucht ceaptha beartas, údaráis dearbhaithe cáilíochta, institiúidí oideachais, agus gnólachtaí oiliúna ón dá thaobh, rud a chuirfidh sreabhadh rianúil tallainne chuig earnálacha ina bhfuil ganntanas oibrithe chun cinn. Tá an tAontas ag féachaint ar reachtaíocht freisin chun rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le cáilíochtaí agus scileanna tríú tíortha a aithint.

**b) Comhthuiscint a chur chun cinn**

Ba cheart comhthuiscint idir institiúidí, lucht ceaptha beartas agus an pobal i gcoitinne a chur chun cinn trí thionscnaimh i réimsí an taighde beartais, na for-rochtana oideachais agus na taidhleoireachta cultúrtha.

Trí **thaighde ar an India chomhaimseartha a chur chun cinn san Eoraip agus ar an Aontas Eorpach san India**, cuideofar le heolas a dhoimhniú, bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht níos fearr agus feasacht an phobail a neartú. Is ionstraim thábhachtach iad **gníomhaíochtaí Jean Monnet** faoin gclár Erasmus+ chun teagasc, foghlaim, taighde agus díospóireachtaí ar ghnéithe éagsúla den Aontas a chur chun cinn.

Cuirfidh an tAontas **líonra tiomnaithe nua Jean Monnet don India** ar bun faoi Erasmus+, ina dtabharfar le chéile institiúidí ardoideachais agus comhlachtaí ábhartha eile. D'fhéadfaí tuilleadh tionscnamh – amhail tionscadail arna gcistiú ag Fís Eorpach nó cruinnithe bliantúla

d'acadóirí Eorpacha agus saineolaithe ar an India – a bheartú chun cuidiú le tuiscint Eorpach ar an India a chur chun cinn.

Trí **ardáin chomhoibríocha** a chruthú chun **meithleacha machnaimh ceannródaíocha agus institiúidí acadúla** a chur le chéile – lena gcumhdófaí an dá réigiún – sholáthrófaí deiseanna struchtúrtha le haghaidh idirphlé maidir leis an gclár oibre straitéiseach nua. D'fhéadfadh comhar den sórt sin cruinnithe comhchéime tráthrialta a chruthú agus seisiúin faisnéise beartais a chur ar fáil chun tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe. Ba cheart don dá chomhpháirtí gealltanas a thabhairt maidir le rannpháirtíocht ardleibhéil thráthrialta in **Idirphlé Cur Chuige 1.5**.

D'fhéadfaí **saineolas gairmiúil** a neartú trí mhalartuithe idir taidhleoirí luathghairme agus tionscnaimh nua do **dhaoine óga** chun teagmhálacha a chur chun cinn idir ceannairí atá ag teacht chun cinn agus gairmithe óga.

Ar deireadh, tá an **taidhleoireacht bunaithe ar chultúr agus ar theanga** fós ina bunchloch den chomhthuiscint. D'fhéadfadh an dá chomhpháirtí tionscnaimh amhail Féile Scannán an Aontais agus Oícheanta Fada na Litríochta a leathnú, ina mbeadh údair, ealaíontóirí agus malartuithe cultúrtha idirghníomhacha.

#### c) Páirt a thabhairt do phobail ghnó

Tá ról criticiúil ag an earnáil phríobháideach maidir le timpeallacht atá ar son an ghnó agus ar son na trádála a chruthú agus caidreamh níos dlúithe a chothú idir an tAontas agus an India. Chuige sin, tá gá le hidirghníomhaíocht níos láidre idir cuideachtaí an Aontais agus cuideachtaí na hIndia, agus idir cuideachtaí agus lucht ceaptha beartas.

Cuireadh **Cónaidhm Ghnó na hEorpa san India (CGEI)** ar bun in 2024, ag feidhmiú mar ghuth aonair ghnó an Aontais san India agus é d'aidhm aici feabhas a chur ar a éasca atá sé gnó a dhéanamh trí mholtaí beartais agus abhcóideacht le páirtithe leasmhara gnó agus rialtais an Aontais agus na hIndia. Ba cheart ról CGEI agus a chontrapháirtithe comhlachais Indiacha a neartú a thuilleadh.

I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfadh bunú **Fhóram Gnó AE-an India** peirspictíochtaí luachmhara gnó a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas ar son an fháis. Le cruinnithe bliantúla tráthrialta – a thionóltar roimh chruinnithe mullaigh déthaobhacha agus príomhfhóraim idir an tAontas agus an India – chomh maith le comhairliúchán níos fearr le cuideachtaí laistigh de shraitheanna oibre na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta, d'uasmhéadófaí glacadh na dtionscnamh idir an tAontas agus an India sa mhargadh.

Ba cheart **cuairteanna toscaireachta tionscail** a bhaineann le comhlachais de chuid na hearnála príobháidí a spreagadh freisin.

#### d) An t-ollstruchtúr institiúideach a threisiú

Ba cheart ollstruchtúr institiúideach an chaidrimh idir an tAontas agus an India a neartú chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach cuimsitheach nua sin.

Ba cheart an **Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an India**, lena ndéantar an fhormhaoirseacht ar an leibhéal is airde ar an gclár oibre straitéiseach comhpháirteach, a thionól go bliantúil. Thabharfadh **comhchoiste cur chun feidhme** ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach

tuairisc do na ceannairí roimh an gCruinniú Mullaigh bliantúil chun tacú le gealltanais chomhpháirteacha a chomhlíonadh.

Dhéanfadh an **Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta (CTT)**, ag teacht le chéile di gach bliain ar leibhéal na n-airí, formhaoirseacht ar rathúnas, slándáil eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht, chomh maith le gnóthaí teicneolaíochta agus nuálaíochta, i gcolúin 1 agus 2, agus déanfaidh an **tIdirphlé Straitéiseach** formhaoirseacht ar an gcomhar maidir le slándáil agus cosaint, agus saincheisteanna réigiúnacha agus domhanda, i gcolúin 3 agus 4.

Sholáthair CTT ardán comhordúcháin chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin trádála, teicneolaíochta agus slándála. Chun a áirithiú go mbeidh ról stiúrtha éifeachtach ag CTT maidir le clár oibre straitéiseach níos leithne a chur chun cinn, ba cheart don Aontas agus don India machnamh a dhéanamh ar **é a uasghrádú trí rannpháirtíocht a leathnú**, próiseas oifigeach sinsearach a thabhairt isteach chun seisiúin aireachta a ullmhú agus **gné ghnó a ionchorprú**.

Soláthraíonn **sásraí tiomnaithe aireachta** treoir straitéiseach in earnálacha sonracha a chumhdaítear leis an gclár oibre straitéiseach, agus d'fhéadfadh an dá chomhpháirtí **idirphlé nua** a bhunú i réimsí amhail an beartas agraibhia, an eitlíocht, éagsúlú allmhairí fuinnimh, oideachas agus scileanna, na haigéin agus an t-iascach, agus an spás. Tá comhaltaí an Choimisiúin tiomanta do **theagmhálacha déthaobhacha** a mhéadú lena gcontrapháirtithe Indiacha, lena n-áirítear i bhfóraim idirnáisiúnta.

Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit – a mhéid is féidir laistigh de chur chuige Fhoireann na hEorpa lena n-áirítear an pobal gnó – an **for-rochtain chuig 28 stát agus ocht gcríoch aontais san India** a leathnú freisin.

## AN BEALACH CHUN CINN

Leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach seo fís pholaitiúil dhearfach uaillmhianach. Ag tógáil ar Ráiteas Comhpháirteach na gCeannairí 2025, cuirtear i láthair ann pacáiste substaintiúil de thograí agus de thionscnaimh choincréiteacha lenar féidir an chomhpháirtíocht a ardú go leibhéal níos airde agus a mbeidh **tionchar comhthairbheach agus claochlaitheach** aige.

Ag tógáil ar na tograí sin, tá an tAontas réidh chun oibriú leis an India chun **Clár Oibre Straitéiseach Cuimsitheach Comhpháirteach idir an tAontas agus an India a fhorbairt** a d'fhéadfaí a ghlacadh ag an gcéad Chruinniú Mullaigh eile idir an tAontas agus an India. Tá an tAontas ag tnúth le rannpháirtíocht na hIndia agus le céimeanna coincréiteacha sa phróiseas sin, lena n-áiritheofar go mbeidh sé bunaithe ar thosaíochtaí comhroinnte, ar ghníomhaíochtaí coincréiteacha agus ar thorthaí intomhaiste.

Iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle tacú leis an gclár oibre straitéiseach nua a chuirtear i láthair sa Teachtaireacht Chomhpháirteach seo.